Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Telephone: +353-90-644 2750 Fax:+353-90-647 3080. Web: www.examinations.ie. E-mail: info@examinations.ie

S14/10

D'ÚDARÁIS IARBHUNSCOILEANNA

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010

TRIALACHA PRAITICIÚLA SAN EACNAMAÍOCHT BHAILE

1. LIOSTA ORD FIÚNTAIS NA n-IARRTHÓIRÍ

Tá cóipeanna den fhoirm H.P.10 leis seo.

Iarrtar ort ainmneacha na ndaltaí a líonadh isteach ar an bhfoirm seo de réir ord a gcumais maidir leis an obair phraiticiúil san Eacnamaíocht Bhaile. Ní cóir marcanna a bhronnadh.

Is den riachtanas é an fhoirm H.P.10 a bheith ar fáil don scrúdaitheoir cúnta. Má bhíonn níos mó ná scrúdaitheoir cúnta amháin i do scoil ní mór cóipeanna den bhfoirm a bheith ar fáil do gach scrúdaitheoir díobh.

2. TORTHAÍ NA dTRIALACHA

Is é/í scrúdaitheoir cúnta a dhéanfaidh an triail ar fad, agus eisean/ise amháin, faoi mhonatóireacht an Coimisiún na Scrúduithe Stáit, a shocróidh na marcanna a thuillfidh na hiarrthóirí. Beidh na marcanna sin faoi rún daingean agus is don Coimisiún na Scrúduithe Stáit amháin a nochtófar iad.

3. AISTRIÚ IARRTHÓIRÍ

Ba cheart scéala a chur chuig an Coimisiún na Scrúduithe Stáit láitreach faoi iarrthóir a bheith ag aistriú ó do scoilse, nó go dtí do scoilse, agus ainm na scoile eile a lua.

4. IARRTHÓIRÍ A BHÍONN AS LÁTHAIR DE BHARR TINNIS

(a) Seolfar an fhoirm iarratais H.P.7 chomh maith le treoracha chuigh scoileanna amach anseo.

(b) Ní féidir malairt socruithe a dhéanamh d'iarrthóir ar bith seachas dóibh siúd amháin atá luaite in Alt 4 thuas ach i gcúinsí an-eisceachtúla ar fad. Ní áireofar scrúduithe scoil nó feidhmeanna eile mar chúinsí eisceachtúla.

B Farrell
Oifigeach Foirme

Feabhra 2010